

Cúrsaí Iascaireachta - Pádraigín Ní Chorbáid (1988)

Scéalaí: Féach anois an bhfuileann tú ullamh thá buas an diabhair agat.

Bailitheoir: Tá agam anois is dócha. Ach em cathain ar thugais suas an iascaigh?

Scéalaí: Thugas suas an ..niascach tá, era, sé mbliain ó shin.

Bailitheoir: Sé mbliain ó shin?

Scéalaí: Sea, era is é an fáth gur thugamar suas é naomhóga a bhíonn againn, an dtuigeann tú.

Bailitheoir: Tuigim, sea.

Scéalaí: Agus bhíodh orainn iad a dh iompair⁽¹⁾ ar ár ndrom agus nuair a bhíomar ag dul san aos bhíodar a...ag fáilt⁽²⁾ ró-mhaith dúinn, bhíomar ag fáilt tuirseach dóibh. Chaithimist a bheith ag ramhaíocht ansan i rith⁽³⁾ an lae agus nuair a raghir an áirithe sin anois, an dtuigeann tú, is fuirist...gheofá tuirseach don obair sin.

Bailitheoir: Tuigim, sea.

Scéalaí: Nuair a bhímist óg ní bhíodh aon toradh againn.

Bailitheoir: Mm, ach em, an mó duine a bhíodh ag obair id' theannta anois abair?

Scéalaí: Oh, de ghnáth bhíodh triúr i gconaí.

Bailitheoir: Triúr i gconaí, sea.

Scéalaí: Triúr i gconaí, an dtuigeann tú...sa naomhóg, mar n'fheadaraís cad a thitfeadh amach do dhuine, an dtuigeann tú, go mbuailfeadh sé breoite, agus araon má bhuailfeadh sé breoite d'fhéadfadh a bheirt eile é a dhéanamh, sin is gcursaí era potaí. Ach ansan i gcúrsaí era iascach maicréal⁽⁴⁾ san oíche le líonta, chaithfeadh triúr a bheith i gconaí inti. Má bhuail aon duine breoite, chaithfeadh sé fear a chur ina ionad, mar narbh fhéidir le beirt era línta maicréal a dh'oibrim.

Bailitheoir: Bhfuil na daoine san, abair na daoine a bhíodh ag obair leat anois, bhfuilid fós timpeall?

Scéalaí: Ní... nílid, fós nílid. Dream go rabhas in aonacht leo tá siad bailithe leo agus cuid acu cailte.

⁽¹⁾Baineann an dh leis an gcanúint

⁽²⁾Baineann an t leis an gcanúint

⁽³⁾Brathaim go bhfuil an th leathan ina chuid cainte

⁽⁴⁾Brathaim go ndeireann sé maicréal.

Bailitheoir: Ó tuigim.

Scéalaí: Sin é mar athá, tá siad cailte agus imithe go Meiricea.

Bailitheoir: Anois, nuair a bheifeá ag dul amach ar maidin an mbeifeá ag féachaint amach do rudaí áirithe, saghas comharthaí aimsire?

Scéalaí: Oh, chaithfeá a bheith, chaithfeá a bheith, bheith ag faire amach duit féin. Nuair a bheidh tú ar an bhfarraige i gconaí caithfidh tú a bheith ag faire.

Bailitheoir: Mm..m, agus cad iad na comharthaí faoi leith a bhí agaibh.

Scéalaí: Era, is minic anois go..go mbeadh an lá an-bhreá, an dtuigeann tú, agus nuair a bheifeá ag fágaint an chalaídh ar maidin d'fhéadfadh an áit lasmuigh...an bhá lasmuigh a bheith ciúin, ach thabharfá faoi ndeara⁽⁵⁾ an dtuigeann tú má bhí aims...droch-aimsir chugat nuair a bheir ag fágaint an chalaídh ar maidin, mar bhí saghas suaiththeadh, an t-uisce ag rith suas agus anuas le fuinneamh agus thiocthadh droch-aimsir as a leithéid sin. Deirfimid go...go mbíodh an aimsir bainte i bpoll éigint⁽⁶⁾ an dtuigeann tú ansan chaithfimid ár bpotáí a chur i d...dtreo agus a bheith ag faire amach dúinn fhéin⁽⁷⁾ i rith an lae. Agus, rud eile ansan má bheadh gaoth aneas ann agus tú ag dul ar...ar an bhfarraige ar maidin agus mion-bháisteach, titim breá bog, chaithfeá faire amach do san. Mar, is gnáthaí, dtuigeann tú, nuair a thriomódh...an bháisteach...go raghadh an lar ar phointe a ...eile, bhféidir go b...bpreapfadh sí ó thuaidh agus nó siar ó thuaidh leis sin d'éireodh breis gaoithe agus chaithfeá a bheith ag baint an tí amach i gcónaí agus a bheith fáilt ullamh dos na rudaí sin. Sin é mar a bhíodh acu. Agus...rud eile araon, a bhíodh acu, dá gcífeá na róinte⁽⁸⁾ dá gcífeá rón amháin, abair agus é amuigh ar an lín, ar an bhfarraige ag snámh dó fhéin, agus dá gcífeá a cheann aníos as an uisce, mar a dheineann sé uaireanta agus thabharfá an leabhar gur buidéal a bheadh ann, comhartha droch-aimsire ab ea é sin. Nó dá bhfeiceá na faoileáin suite ar an uisce agus iad á nigh fhéin lá is breátha a tháinig riamh, bheadh soineáil chugat, bheadh, sin é mar a chaithfimid a bheith ag faire.

Bailitheoir: Agus, an mbeadh aon rud eile a bheadh mí-ámhar, abair, like deirtear anois gur saghas rud mí-ámharach is ea buaileadh le bean rua?

Scéalaí: Bhí san sa t...tseana...tsean-aimsir ann, agus dá mbeadh bean rua i gcoinne iascaire fadó dh'fhanfadh sé age baile. Ach nuair a bhíomar ag fás suas ar an oileán bhí stroinséaraithe ag teach ann, is ann 's...bhídís ag teach i gconaí an uair sin agus is minic a bhí cailín rua ann agus thugaimist amach sa naomhóg í, agus ní bhíodh aon eagla againn roimpi. (Tamall ag gáire)

Agus rud eile a déarfaidist fadó ní mhaith leo go bhfeicfidís madra⁽⁹⁾ rud ná go dtráchtfa ar a mhadra rua le linn duit a bheith ag iascach...nó coiníní.

Bailitheoir: Coiníní!

⁽⁵⁾Béim mhór ar an gcéad shiolla, is ar éigin a chloistear an dara siolla.

⁽⁶⁾Is dóigh liom gurb shin an rud atá sa téip.

⁽⁷⁾Bíonn an focal seo séimhithe sa chaint.

⁽⁸⁾Tá srónáil déanta ar an bhfocal seo {ru:n't'í}

⁽⁹⁾{m a d a }

Scéalaí: Sea, ní mhaith leotha go dtarraigeofá anuas coiníní. Sin iad na rudaí a bhíodh acu (le gáire). Is iad ach nuair a bhíomar ag fás suas ní...ní raibh aon ghéilleadh dhóibh sin an uair sin, ní raibh, mar ba bhreá linne cailín rud a thabhairt amach ag badóireacht chomh maith le cailín dubh mar a chéile (le gáire).

Bailitheoir: Ach em, bíonn rudaí eile ann leis, ná bíonn, a n...ra...a mbíodh cosc ar aon fhocal faoi leith sa bhád abair?

Scéalaí: Ó bhíodh madra rua, ní fhéadfá da...cain aon rud rua a tharrac anuas, ná coinín, aon ainmhí cheithre gcós is dóigh liom, ní maith leotha é, ní mhaith...ch leotha chuige.

Bailitheoir: Ach em, an mbíodh an-dheacracht agaibh na báid, abair, a dheisiú ná an fada a sheasóidist in aon chor?

Scéalaí: Era, sheasóidist tamall, mar chaithfeá an-aire, thuga...thugaimist an-aire dhóibh, an dtuigeann tú, na daoine a bhí an uair sin ann, mar ní raibh aon chosán eile againne an dtuigeann tú ach bád agus chaithfimid an-aire a thabhairt dóibh. Nuair a bheadh biaisteanna na m na bpoití suas abair isteach sa bhfomhar, chuirfeá an bád a bheadh agat an uair sin. Chuirfeá ar an stáitse í. Chuirfeá ann tharraigeofá an stáitse, ghlanfá amach le huisce í an dtuigeann tú, pé salachair a bheadh uirthi. Araon, chuirfeá ar an stáitse í agus chuirfeá tarra chuici, agus nuair a bheadh an tarra cruaidh uirthi chuirfeá péint laistigh chuici, fágfaí...fágfaí é sin ansan nach mór i rith na bliana ach b'fhéidir turas beag ag teacht amach go dtí an Aifreann anois is arís, thabharfá leat í chun sos a thabhairt don mbád eile a bheith ag fágaint. Ach líonta maicréal ansan a bhíodh acu sa gheimhridh ag dul amach dh'fhágaidís an tigh timpeall a trí a chlog sa trathnóna, b'fhéidir go mbeidís amuigh go dtí m...go dtí maidin gan aon teacht abhaile. Agus bhídís ag faire an uair sin leis, i gcaitheamh na hoíche, ar gach⁽¹⁰⁾ aon athrú a dheinfeadh sé. Dá bhfeicfidís cith bainte an dtuigeann tú, cith báistí ag teacht agus go mbeadh an cith ag coimeá...coimeád anuas ar leibhéal leis an uisce i gcónaí bheidist ag baint an tí amach, ach má chífidís an cith in airde agus é bán thíos faoin a bun, an spéir le feiscint lena b...faoin a bun ní bhíodh aon eagla orthu, ní bhíodh. Agus chaithfidís imeacht de réir na dtaoidí ansan, mar áit mhór taoidí a bhí againne agus dá mbeadh gaoth aduaidh ann, an dtuigeann tú agus n...n an taoide, an tráigh a bheith ag líonadh, sin é a déarfaimist dá mbeadh taoide thuile ann, taoide thuile a thabharfá ar an dtaoide sin bhí is gaoth aduaidh bheadh eagla orthu, bheidist ag baint an tí amach. Mar, bhíodh orainne teacht amach go Dunchaoin leis an iasc, agus nuair a bheadh ort teacht amach go Dunchaoin bheadh an tuile romhat agus an gaoth aduaidh agus an chuma chéanna ag an ngaoth aneas mar bheadh an taoi...an taoidea⁽¹¹⁾ ann agus bheadh sí romhat aríst, ach chaithfeá gach aon rud a bheith friothálta roimis sin, an dtuigeann tú, do chúram a bheith déanta agat roimis sin gan a bheith ag brath ar an dtaoide, bhíodh am áirithe ón dtaoide go bhféadfá teach. (Stop sé ag caint agus ag an am gcéanna thosnaíos ag casachtaigh. Thosnaigh sé siúd ag gáire)

Scéalaí: Sea, lean ort

⁽¹⁰⁾De ghnáth, deireann sé 'nach' in ionad 'gach'.

⁽¹¹⁾t i:'d'a

Bailitheoir: Casachtach orm.

Scéalaí: A ha, tá is dócha, fuacht na hoíche. Ní maith iad na clathacha. Ní maith é a bheith ag iascaigh ar an dtalamh istoíche. N’fheadar an mbíonn aon chomhraithe agaibhse? An mbíonn aon chomhraithe ar a bheith ag iascach talún? An mbíonn aon chomhraithe agaibhse nuair a bhíonn sibh ag iascach talún?

Bailitheoir: Ní bhíonn mhuis

Scéalaí: Ní...(le gáire)

(Chaitheamar go léir tamall ag gáire)

Bailitheoir: Ach eh, ansan cad iad na gléasanna iascaireachta a bhíodh agaibh?

Scéalaí: Potáí, iad i rith an gheimhridh, agus ansan líonta i gcóir maicréil. Ach bhíodh par...bhíodh iascach eile ansan san earrach againn, díreach, go dtugaidís spiléar air sin... dorú mór fada, abair bheadh sé as so siar go bun an ghoirtar faid, agus bheadh dubhán ar gach leath troigh do san. Bheadh cóirdín beag ceangailte ón stoc, a thabharfaimist ar an dtéad - ar an ndorú láidir, an stoc, agus ansan bheadh cóirde beag ceathrú beag níos chloige ceangailte air sin, ar a dtabharfá erem osna, is ar an ndubhán ansan a bheadh an osna. Agus bheadh suas le dhá chéad dubhán ag⁽¹²⁾ gach aon duine. Raghfá amach istoíche ansan ag marú mhaicréal chun baoite a bheith agat, agus mar a bheadh na maicréil⁽¹³⁾ agat ghearrfá suas i blúiríocha beaga iad agus chuirfeá ar an dubháin iad. Ansan, bhíodh áit oiriúnach⁽¹⁴⁾ acu go gcuirfidist isteach an spiléar ann, saghas birdeog. An bhfacais riamh brideog déanta de thuigí ní fhacaís? Ach is é an t-ainm⁽¹⁵⁾ a thabharfaí uirthi sin, an sciath, ní birdeog chuige ach sciath. Ansan raghfá amach, nuair a bheadh an lá ag gealadh agus chuirfeá é sin ar an áit ba⁽¹⁶⁾ dhóigh leat go mbeadh ciúnas agat, dh’fhágfá amuigh ansan ar feadh cu...cúpla uair an chloig é. Raghfá, raghfá ansan agus thosnófa á thogaint isteach ach bhíodh iasc an-bhreá air sin, bhíodh colla móra uirthi, bhíodh alla báirdí, bhíodh eangaí, bhíodh rothaí air agus turbití⁽¹⁷⁾ iasc an-dhaor é sin. Ach iasc...a erem fearas an-chontúirach is ea é, nuair a bheifeá ag caitheamh na ndubhán, nar bhíodar ró-ghearra don a chéile, is minic a raghadh ceann acu id’láimh, is minic, an bhfacais riamh dubhán?

Bailitheoir: No, ní fhaca

Scéalaí: Ruidín beag cam mar sin, déanta d’iarann is dócha, saghas steel, sea ní iarann ach steel, agus bhíodh ruidín beag ansan air istigh agus laistigh dó san chuirfeá an...baoite. Sin é an ruthag a bhíodh ar an ndubhán, an ruthag, agus is minic nuair a bheifeá á chaitheamh amach go ng...raghadh sé i ngreim ionat agus bheadh an-job agat é a thógaint amach mar raghadh an ruthag laistigh den gcroiceann agat, ní mór ná go gcaithfeá an croiceann a ghearradh le scian chun é a thógaint amach.

⁽¹²⁾Deir dé ‘aiges’.

⁽¹³⁾Deir sé baircréil anseo.

⁽¹⁴⁾Deir sé ‘riúnach’

⁽¹⁵⁾Tá sé seo baininscneach sa téip.

⁽¹⁶⁾Níl ‘ba’ le cloisint.

⁽¹⁷⁾T’urb’it’i

Bailitheoir: Ní deas an obair é sin.

Scéalaí: Ní dheas an obair í mhuis.

Bailitheoir: Ach ansan, nuair a bheadh an na na héisc agaibh ansan, abair, conas a roinne, ar roinneadh sibh iad.

Scéalaí: Oh, sea roinnimí é, ach ní hea a roinnimí puinn dó ach is ea a dhíolaimí é. Maicréil ansan, an dtuigeann tú, chomharófá iad. Bheadh era suas le, n'fheadar anois, lámh is ea trí cinn, agus bheadh daichead lámh agat, chaithfeá amach gach aon trí cinn, bheadh céad agat. Agus ansan chuirfeá trí cinn leis ansan agus ansan an ceann aonair tally, agus chuirfidist sin, chuirfidist é sin ar leithealaigh. Nuair a bheadh an t-iasc comhraithe ansan, bheadh a fhios acu cé méid céad a bheadh ann, an dtuigeann tú, comhaireóidist an tally, sin é mar a bhíodh acu. Na gleamaigh ansan, dhá cheann déag chun an dosaen a bhíodh acu a ar an ngleamach. Sin é mar a chomhroidist é, ach dá mbeidist ag tabhairt era cúpla ceád maicréal abhaile is ea chuirfidist trí cinn isteach i bpaca a bheadh acu trí cinn i paca eile trí cinn i bpaca eile chuirfidist tally amach ansan agus bheadh a fhios agat i gcónaí...fada...sin é.

Bailitheoir: Sin é...bhfuil ceist agat (Bhí Cláir ag caint liom agus chuir sí cursaí airgid i gcuimhne dhom)

Oh yea, cé mhéid airgid ansan a a gheofá ar abair, é lámh nó...?

Scéalaí: , de réir an céad a bhíodh maicréil, ach ní raibh aon luach an uair sin ann, luach an-bheag, agus de réir an dosaen a bhíodh na gleamaigh á...á cheannach. Ní raibh ach dó dhéag ar dhosean gleamach an uair sin, sea, agus tá dhá phunt an punt anois air, agus era céad maicréal b'fhéidir go ndíolfá, ní hé an praghas...ní hé an luach céanna a bheadh i gcónaí air, dhíolfá ar leathchoróin é, dhíolfá ar choróin é, b'fhéidir lá eile go bhfaighfeá punt air. Sin é, ach is, is fánach a, is fánach era an uair a gheofá púnt air, ach nuair a bheadh an oíche tugaithe amach...a...amuigh agat ar bharr na farraige agus gan a bheith agat ach leathchoróin tar éis na hoíche b'fhéidir, nó coróin, oícheanta fuair seacha. Bhídís amuigh ag iascach agus bhíodh an talamh cruaidh ar maidin ag an sioc. Agus bheadh sé maith go leor a bheith istigh i mbád mór mar d'fhéadfá bheith ag si ach i istigh i naomhóg ní fhéadfá súil bheiteá⁽¹⁸⁾ suite síos i gcónaí agus do dhá lámh mar seo agat – (chuir sé a lámha faoin a ascaillí) agus na líonta curtha i bhfarraige agus na líonta ag imeacht leotha súid tusa suite isteach sa naomhóg. Ní bheadh aon teaspach an uair sin. bhea...ní bheadh aon fho...aon fhor iascach talún ansan ort. (Chaitheamar go léir tamall ag gáire). Ní raibh aon phint á dh'ól an uair sin.

Bailitheoir: Ná raibh?

Scéalaí: Ah, ní raibh, is annamh b'fhéidir uair sa mí a raghfá go Daingean. Sin é mar a bhí.

Bailitheoir: Ach em, an minic a raghad sibh amach istoíche in aghaidh na seachtaine abair.

⁽¹⁸⁾Saghas meascáin idir an aimsir gh laithreach agus an modh choinníollach.

Scéalaf: Bhraithfeadh san ar an aimsir, gach aon oíche breá, geofaí ag dul amach, faid an mbeadh an aimsir bhreá i gcónaí bhímist amuigh, i rith an lae istoíche⁽¹⁹⁾. Ní bhíodh istigh ag an baile ach na cailíní ansan (le greann).

Bailitheoir: an leor san? (go h-iseal, am cheistiú féin dáiríre).

Scéalaf: N’fheadar, am baist.
(Chuir Clár na róinte i gcuimhne dhom)

Bailitheoir: Oh yea, an mbíodh róinte á lorg agaibh?

Scéalaf: Ní bhíodh róinte á lorg lem linnse, agus bímist an-mhí-bhuíoch dos na róinte mar nuair a fhéach dhearnadas é sin a rá. Ansan nuair a bhímist ag gabháil dos na potaí bhíodh líne eile againn an dtuigeann tú, i gcóir baoite a dh’fháilt, chun breith ar pollóga, sin é a ghlaotaí an tranail air. Ach nuair a bhímist ag cuir an tranail amach, ná bhí na róinte chomh hoilte go mbíodh a fhios acu é, agus na leana...ná leanfaidís an naomhóg agus nuair a chuirfeá do thranail amach ansan, agus an rón timpeall, ní bheadh aon bhreac agat, ní bheadh. Ach sa tsean-aimsir fadó bhídís era, ag marú na róinte timpeall era céad blian ó shin, mar bhídís á n-ithe agus ní fhacasa riamh beirithe é. (Deineann sé casachtach)

Clár: Cad a dhéanfá, cad a dhéanfá i rith an Gheimhridh ansan?

Scéalaf: Ó nuair a bheifeá ag iascach i rith an Gheimhridh mar bheadh aimsir bhreá ann, mar bheadh maicréil le fáilt, bheifeá ag iascach i gconaí, bhraithfeadh san, gan dabht, nuair a bheadh an droch-aimsir ann chaithfá fanacht ag an baile. Ha bheadh an t-iascach tálún ansan againn. (Bhíomar go léir ag gáire)

Clár: Sin é an rud is tabhachtaí is dócha.

Scéalaf: N’fheadar...an diabhal an bé, mhuis b’fhearr dhuit dhá chéad maicréal a bheith agat.

Clár: Gheofá airgead as.

Scéalaf: Gheofá, ach ní gheofá aon airgead ar an iascach eile, ach bheadh...b’fhéidir go mbeadh airgead cailte agat, leis.
(le scairteadh mór gáirí)

Bailitheoir: B’fhéidir go mbeadh...Sea, is dócha gur leor san.

Scéalaf: Bhfuileann tú sá, bhfuileann tú sásta anois?

(Stopas an téip ansan).

⁽¹⁹⁾is’tí: h’i